Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0157

Tuarascálacha 2023 agus 2024 maidir leis an Macadóin Thuaidh

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2025 ar Thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiúin maidir leis an Macadóin Thuaidh (2025/2021(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Macadóine Thuaidh, den pháirt eile[1],

– ag féachaint d'iarratas na Macadóine Thuaidh ar bhallraíocht san Aontas Eorpach, arna thíolacadh an 22 Márta 2004,

– ag féachaint do chinneadh ón gComhairle Eorpach an 16 Nollaig 2005 maidir le stádas iarrthóra ar bhallraíocht den Aontas a dheonú don Mhacadóin Thuaidh,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 19-20 Meitheamh 2003, lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann leo dar teideal *The Thessaloniki agenda for the Western Balkans: Moving towards European integration* [Clár oibre Thessaloniki do na Balcáin Thiar: Ag bogadh i dtreo lánpháirtiú na hEorpa],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

---

1 IO L 84, 20.3.2004, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2008/178(2)/oj.

2 IO L 330, 20.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj.

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte AE do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal [Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas um Méadú AE] (COM(2023)0690), a raibh doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal [Tuarascáil 2023 maidir leis an Macadóin Thuaidh] (SWD(2023)0693) ag gabháil léi,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal [Plean nua fáis do na Balcáin Thiar’] (COM(2023)0691),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Márta 2024 maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (COM(2024)0146),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta] (COM(2024)0800), lena ngabhann an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta – Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta sa Mhacadóin Thuaidh] (SWD(2024)0830),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 dar teideal [Teachtaireacht 2024 maidir le beartas um méadú AE] (COM(2024)0690), a raibh doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal [Tuarascáil 2024 maidir leis an Macadóin Thuaidh] (SWD(2024)0693) ag gabháil léi,

– ag féachaint do Chlár Oibre Athchóirithe na Macadóine Thuaidh arna fhormheas ag an gCoimisiún faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis an 23 Deireadh Fómhair 2024,

– ag féachaint do na dearbhuithe ó chruinnithe mullaigh an 13 Nollaig 2023 agus an 18 Nollaig 2024 idir an tAontas agus na Balcáin Thiar sa Bhruiséil chomh maith leis na dearbhuithe ó na cruinnithe mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a tionóladh i Sóifia, i Ságrab agus in Brdo pri Kranju in 2018, 2020 agus 2021 faoi seach, agus don Dearbhú maidir leis an gCómhargadh Réigiúnach agus don Dearbhú maidir leis an gClár Oibre Glas le

---

[1] IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj.

haghaidh na mBalcán Thiar a comhaontaíodh an 10 Samhain 2020 ag Cruinniú Mullaigh Shóifia laistigh de Phróiseas Bheirlín,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le Méadú – an Mhacadóin Thuaidh agus an Albáin agus do chonclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2024 maidir le Méadú,

– ag féachaint do thuarascáil chríochnaitheach an 23 Meán Fómhair 2024 ó Mhisean Breathnóireachta Toghcháin de chuid na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) maidir le toghchán uachtaránachta na Macadóine Thuaidh an 24 Aibreán 2024 agus toghcháin pharlaiminteacha an 8 Bealtaine 2024 sa tír,

– ag féachaint do Phróiseas Bheirlín, a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint don Chonradh maidir le cairdeas, dea-chomharsanacht agus comhar idir an Bhulgáir agus Poblacht na Macadóine Thuaidh, a síníodh an 1 Lúnasa 2017 agus a daingníodh i mí Eanáir 2018;

– ag féachaint don Chomhaontú Deiridh maidir le socrú na ndifríochtaí a thuairiscítear i rúin 817 (1993) agus 845 (1993) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'fhoirceannadh Chomhaontú Eatramhach 1995, agus do bhunú comhpháirtíochta straitéisí idir an Ghréig agus an Mhacadóin Thuaidh, a comhaontaíodh an 17 Meitheamh 2018, ar a dtugtar freisin Comhaontú Prespa,

– ag féachaint don doiciméad inmheánach oibre comhpháirteach dar teideal *Objectives and Indicators to frame the implementation of the Gender Action Plan III (2021-25)* [Cuspóirí agus Táscairí chun cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne (2021-25) a cheapadh] (SWD(2020)0284) a ghabhann le teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar teideal *EU Gender Action Plan (GAP) III – an ambitious agenda for gender equality and women's empowerment in EU external action* [Plean Gníomhaíochta III ón Aontas maidir le hInscne (GAP) – clár oibre uaillmhianach do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh] (JOIN(2020)0017), chomh maith leis an bPlean Cur Chun Feidhme ar Leibhéal Tíre (CLIP) don Mhacadóin Thuaidh,

– ag féachaint do Thuarascáil 2023 ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (CECÉ) maidir leis an Macadóin Thuaidh, a glacadh an 29 Meitheamh 2023 agus a foilsíodh an 20 Meán Fómhair 2023,

– ag féachaint don dearbhú agus do na moltaí comhpháirteacha a glacadh ag an 23ú cruinniú den Chomhchoiste Parlaiminteach idir an

tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh, a reáchtáladh an 27 agus an 28 Feabhra 2025 i Scóipé,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Macadóin Thuaidh, agus go háirithe do rún uaithi an 24 Deireadh Fómhair 2019 maidir le tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin[1],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0118/2025),

A. de bhrí go bhfuil stádas mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas ag an Macadóin Thuaidh ó 2005 i leith agus gur éirigh léi an próiseas scagtha a thabhairt chun críche i mí na Nollag 2023;

B. de bhrí go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh an daonlathais agus athchóirithe socheacnamaíocha de mar thoradh ar mianaidhmeanna shaoránaigh na Macadóine Thuaidh a bheith ina cuid den Aontas, agus go bhfuil moilleanna aiféalacha ar an bpróiseas aontachais leis an Aontas ar chúiseanna éagsúla;

C. de bhrí go bhfuil thart ar EUR 210 milliún in iasachtaí cúnaimh macrairgeadais slógtha ag an Aontas ó 2020 i leith, arb é is aidhm dóibh geilleagar na Macadóine a chobhsú, cabhrú lena théarnamh ó phaindéim COVID-19 agus dlús a chur lena dhul chun cinn maidir le hathchóiriú;

D. de bhrí gur comhpháirtí í an Mhacadóin Thuaidh atá ailínithe le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais i bhformhór mór na gcásanna agus go raibh ról cuiditheach aici sa réigiún; de bhrí go léirítear le staonadh na Macadóine Thuaidh le déanaí ó Rún ES-11/7 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 24 Feabhra 2025 maidir leis an Úcráin agus a comhurraíocht ar rún malartach faoi stiúir na Stát Aontaithe athrú gan choinne agus aiféalach ar a hailíniú leis an mbeartas eachtrach;

E. de bhrí go bhfuil an Mhacadóin Thuaidh rannpháirteach in oibríochtaí bainistithe géarchéime míleata de chuid an Aontais, lena n-áirítear ALTHEA sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin;

F. de bhrí gur tháinig an Chomhairle ar chonclúidí nua i mí Iúil 2022, rud a chiallaíonn gur gá don Mhacadóin Thuaidh na hathruithe bunreachtúla atá fós gan réiteach a ghlacadh, i gcomhréir lena gealltanais, ionas gur féidir céim thosaigh na caibidlíochta aontachais a thabhairt chun críche láithreach;

---

1 IO C 202, 28.5.2021, lch. 86.

G. de bhrí go bhfuil tionchar láidir ag na hathruithe geopholaitiúla, ag an gcogadh san Úcráin, ag an mbréagaisnéis agus ag an mífhaisnéis ar thíortha uile na hEorpa, ó thaobh na polaitíochta agus na heacnamaíochta de araon;

H. de bhrí go bhfuil an Mhacadóin Thuaidh fós ina sprioc d'oibríochtaí tionchair dhíobhálaigh eachtracha, lena n-áirítear iarrachtaí chun creatlach shóisialta na tíre a bhriseadh agus meon in aghaidh an Aontais a úsáid mar uirlis troda, go háirithe trí thablóidigh agus eagraíochtaí meán Seirbise, a fheidhmíonn chun cur le hinsintí na Creimile sa réigiún agus a bhfuil tionchar suntasach acu; de bhrí gur dhíbir an Mhacadóin Thuaidh 13 thaidhleoir Rúiseacha idir 2018 agus 2023 mar gheall ar ghníomhaíochtaí nach raibh ag comhoiriúnach dá stádas taidhleoireachta, rud a thug le fios go bhféadfadh líonraí tionchair ceilte a bheith ann go leanúnach; de bhrí gur fhéach an tSín lena tionchar a leathnú trí rialú faisnéise, taidhleoireacht infheistíochta agus clásail chomhéigneacha i gcomhaontuithe iasachta bonneagair;

I. de bhrí gur mhol údaráis na Macadóine Thuaidh réitigh ar athruithe bunreachtúla nár chomhlíon coinníollacha chonclúidí mhí Iúil 2022 ón gComhairle;

J. de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis go n-urramóidh aon tír aontachais luachanna daonlathacha, an smacht reachta agus cearta an duine, agus go gcloífidh sí le dlí an Aontais;

K. de bhrí nach ndearna an Chomhairle glacadh coinníollacha nua breise a eisiamh go cinnte chun tús a chur le caibidlíochtaí aontachais;

1. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán le tiomantas leanúnach agus leanúnach na Macadóine Thuaidh dul isteach san Aontas agus leis na hathruithe claochlaitheacha is gá chun na critéir aontachais a chomhlíonadh; ag moladh thiomantas na tíre do lánpháirtiú na hEorpa agus ag spreagadh iarrachtaí leanúnacha chun athchóirithe atá ailínithe leis an Aontas a chur chun cinn, in ainneoin na ndúshlán agus na gcéimeanna ar gcúl a thriail foighne agus muinín shochaí na Macadóine;

2. á chur i bhfios go láidir go bhfuil aontachas leis an Aontas fós ina cheist tola polaitiúla chun na critéir a chomhlíonadh agus na gealltanais a tugadh a chur chun feidhme, ó thaobh na hathchóirithe is gá a dhéanamh agus na leasuithe bunreachtúla is gá a ghlacadh araon;

3. á mheabhrú gur gá móiminteam agus inchreidteacht phróiseas na lánpháirtíochta leis an Aontas a choinneáil; ag tabhairt dá haire go leanann an Mhacadóin Thuaidh de thiomantas a léiriú do lánpháirtiú an Aontais agus ailíniú le beartais an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí an chaibidlíocht aontachais a chur chun cinn go pras, agus aird á

tabhairt ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé na leasuithe bunreachtúla a ghlacadh; ag tathant ar an gComhairle Eorpach a chur in iúl, go poiblí agus go cinnte, go bhfuil sé ar intinn ag an gComhairle an cinneadh dearfach a dhéanamh go pras agus gan choinníoll chun dul i mbun na chéad chéime eile den chaibidlíocht aontachais leis an Macadóin Thuaidh a luaithe a chomhlíonfar coinníollacha a conclúidí an 18 Iúil 2022; ag spreagadh na bpáirtithe polaitiúla uile sa Mhacadóin Thuaidh páirt a ghlacadh in idirphlé cuiditheach chun an comhdhearcadh is gá a bhaint amach maidir leis na leasuithe sin, rud a neartódh spiorad il-eitneach na tíre agus a chuirfeadh dlús le dul chun cinn na Macadóine Thuaidh i dreo bhallraíocht an Aontais; á chreidiúint go bhfuil sé ríthábhachtach na naisc idir na heitneachtaí iomadúla a neartú chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus chun rialachas níos éifeachtaí a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún intuarthacht agus inchreidteacht an phróisis aontachais a choimirciú, d’fhonn tacaíocht an phobail d’aontachas a choinneáil i dtíortha an mhéadaithe freisin;

4. á chur in iúl gur geal léi tabhairt i gcrích rathúil an phróisis scagtha don Mhacadóin Thuaidh ag deireadh 2023; ag spreagadh na Macadóine Thuaidh na leasuithe bunreachtúla a ghlacadh a gheall an tír a dhéanamh agus a chur chun feidhme, de réir mar a d’éiligh an Chomhairle, chun go rachfar ar aghaidh leis an bpróiseas caibidlíochta aontachais;

5. ag moladh thiomantas mhuintir na Macadóine do lánpháirtiú leis an Aontas agus na tacaíochta a léiríonn siad don tionscadal seo fiche bliain ó thús a chur leis an bpróiseas; ag tathant ar an gCoimisiún a dhícheall a dhéanamh chun cabhrú le húdaráis na Macadóine Thuaidh na céimeanna is gá a bhaint amach sula rachfar isteach sa chéad chéim chaibidlíochta eile agus níos faide le linn an phróisis caibidlíochta, chun cabhrú le hionchais na saoránach agus na tíre a bhaint amach agus chun féachaint ar na bearta uile do lánpháirtiú de réir a chéile i struchtúir an Aontais, agus ar an gcaoi sin muinín san Aontas agus a luachanna daonlathacha a mhéadú;

6. á mheabhrú nár cheart an próiseas aontachais a úsáid chun díospóidí déthaobhacha a réiteach, chun bac a chur ar dhul chun cinn bunaithe ar fhiúntas ar an gconair Eorpach nó chun leasanna straitéiseacha forleathan an Aontais a shárú, ach nach mór aghaidh a thabhairt ar na díospóidí sin trí idirphlé oscailte agus trí fhíorchomhar; á chur i bhfios go láidir gur cheart go leanfadh caibidlíochtaí aontachais bealach soiléir, faoi threoir critéir oibiachtúla agus bunaithe amháin ar fhiúntas agus ar chomhlíonadh na gcritéar aontachais (critéir Chóbanhávan), lena n-éilítear athchóirithe doimhne ar fud réimsí bunúsacha, chomh maith le hinstitiúidí cobhsaí a bheith ann lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus urraim do mhionlaigh agus cosaint mionlach;

7. á athdhearbhú gur cuid bhunúsach de phróiseas aontachais leis an Aontas í an urraim don fhéiniúlacht teanga, chultúrtha agus náisiúnta agus gur bunchloch í de shochaithe daonlathacha a dhearbhófar tuilleadh le haontachas le teaghlach na náisiún Eorpach;

8. á iarraidh an athuair go bhfeabhsófaí cumas an Aontais gníomhú trí athchóiriú a dhéanamh ar a chinnteoireacht, lena n-áirítear trí vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach maidir leis na céimeanna idirmheánacha sa phróiseas aontachais, go háirithe ag tús na caibidlíochta agus trí chnuasaigh agus caibidlí caibidlíochta aonair a oscailt agus a dhúnadh;

9. á chur in iúl gur geal léi an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis nua le haghaidh na mBalcán Thiar, trína soláthrófar EUR 750 milliún i ndeontais agus in iasachtaí don Mhacadóin Thuaidh nuair a chomhlíonfaidh sí na coinníollacha a leagtar amach ina Clár Oibre don Athchóiriú; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an Clár Oibre Athchóirithe den scoth agus uaillmhianach, lena leagtar síos cuspóirí agus spriocanna soiléire agus trédhearcacha, agus á iarraidh ar na húdaráis díriú ar a chur chun feidhme dian; á chur i bhfios go láidir gur gá díriú ar athchóirithe a dhreasú agus ar chobhsaíocht eacnamaíoch a threisiú chomh maith le riarachán poiblí, rialachas, an smacht reachta agus an comhrac i gcoinne an éillithe, an dícharbónú agus an t-aistriú glas, an digitiú, an nascacht agus an fhorbairt chaipitil dhaonna, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin shóisialta;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil cistí á bhfáil ag an Macadóin Thuaidh ó Bhallstáit aonair agus go bhfuil dea-chomhar eatarthu; ag tabhairt rabhadh, áfach, faoi chomhghuaillíochtaí le réimis neamhliobrálacha a neartú;

11. ag moladh na Macadóine Thuaidh as a tiomantas leanúnach don phróiseas lánpháirtithe leis an Aontas agus á chur in iúl gur oth léi na moilleanna sa phróiseas aontachais; á chur in iúl gur geal léi cobhsaíocht an chaidrimh idir-eitnigh agus cur chun feidhme Chreat-Chomhaontú Ohrid agus á spreagadh go leanfaí d’iarrachtaí iad a dhaingniú;

12. ag spreagadh na Macadóine Thuaidh torthaí nithiúla a bhaint amach maidir le hionchais an Aontais faoin gcreat caibidlíochta agus faoi chonclúidí mhí Iúil 2022 ón gComhairle a chomhlíonadh, lena n-áirítear athruithe bunreachtúla ábhartha, i gcomhréir le gealltanais na tíre;

13. ag tathant ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur lena hiarrachtaí chun an smacht reachta agus neamhspleáchas breithiúnach a threisiú, lena n-áirítear i gceapacháin bhreithiúnacha agus i bhfeidhmiú na Comhairle Breithiúnaí, chun cur i gcoinne an éillithe, chun a riarachán poiblí a athchóiriú agus chun trédhearcacht agus

comhchruinniú úinéireacht na meán a fheabhsú; á mholadh go ndéanfaí bearta sistéamacha a chur chun feidhme tuilleadh chun trédhearcacht agus éifeachtúlacht sa rialachas a áirithiú;

14. á chur in iúl go bhfuil an-bhrón uirthi agus ag cur a dlúthpháirtíochta ó chroí in iúl tar éis an tine thragóidigh sa chlub oíche in Kočani a raibh bás níos mó ná 50 duine óg agus gortuithe do níos mó ná 150 duine eile mar thoradh air agus ag déanamh comhbhrón leis na híospartaigh agus lena dteaghlaigh; ag moladh na húsáide gasta a baineadh as Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus as an gcabhair a thug na Ballstáit chun an oiread beatha agus is féidir a shábháil; ag moladh tíortha comharsanachta agus tíortha an Aontais, go háirithe an Ghréig agus an Bhulgáir, as an tacaíocht agus an dlúthpháirtíocht a léirigh siad láithreach agus as an gcóir leighis a chuir siad ar fáil d'íospartaigh;

Feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha

15. ag tabhairt dá haire, cé go bhfeidhmíonn institiúidí daonlathacha sa Mhacadóin Thuaidh go sásúil, go bhfuil an deighilt pholaitiúil fós ina bac ollmhór ar na hathchóirithe riachtanacha; á iarraidh ar na páirtithe polaitiúla a bhfuil ionadaíocht acu i bparlaimint na tíre oibriú le chéile chun teacht ar chomhaontú maidir leis na hathchóirithe sin;

16. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac Tionól Phoblacht na Macadóine Thuaidh (Sobranie) rialacha nós imeachta nua, arna n-éascú ag Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú Idirphlé Jean Monnet; á chur i bhfáth, áfach, go leanann polarú polaitiúil leanúnach de mhoill a chur ar athchóirithe agus ceapacháin thábhachtacha; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil comhar traspháirtí agus timpeallacht pholaitiúil fheabhsaithe ríthábhachtach fós chun dlús a chur le cur chun feidhme athchóirithe a bhaineann leis an Aontas agus chun institiúidí daonlathacha a neartú;

17. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur formheasadh thart ar leath de na dlíthe uile a d'achtaigh an Sobranie in 2023 trí nósanna imeachta giorraithe; á iarraidh ar Sobranie feabhas a chur ar a phleanáil, comhordú agus cáilíocht reachtach trí nósanna imeachta cuí comhairliúcháin agus formhaoirseacht pharlaiminteach, go háirithe d'fhonn conclúidí Idirphlé Jean Monnet a bhaint amach agus nósanna imeachta meara a sheachaint;

18. á chur i bhfáth, cé go raibh na toghcháin pharlaiminteacha agus uachtaránachta in 2024 iomaíoch agus daonlathach, agus go ndearnadh leasuithe ar an gCód Toghcháin, go bhfuil gá fós le hathchóiriú cuimsitheach toghcháin; á iarraidh go láidir go ndéanfaí na moltaí atá fós gan réiteach a rinne ESCE/ODIHR agus Coimisiún na Veinéise a chur chun feidhme trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gCód Toghcháin, agus béim á leagan ar a

thábhachtaí atá sé próisis toghcháin amach anseo a chosaint ar chur isteach eachtrach díobhálach agus ar ionramháil faisnéise, lena n-áirítear trí rialacha láidre cibearshlándála agus trédhearcachta feachtais ar líne a ghlacadh;

19. á iarraidh go ndéanfaí rialáil fheabhsaithe ar mhaoiniú páirtithe polaitiúla agus feachtas polaitiúil, lena n-áirítear bearta chun trédhearcacht a mhéadú a mhéid a bhaineann le cistí agus speansais páirtithe polaitiúla; ag tathant go ndéanfaí athbhreithniú ar na rialacha maidir le fógraíocht stáit sna meáin tráchtála agus fógraíocht pholaitiúil íoctha; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le sásraí maoirseachta feidhmiúla chun sláine i maoiniú páirtithe a áirithiú agus chun rochtain chomhionann agus leormhaith ar na meáin a áirithiú do pháirtithe polaitiúla agus d'iarrthóirí neamhspleácha;

20. á iarraidh go leanfaí de riarachán poiblí atá bunaithe ar fhiúntas a nuachóiriú, go dtabharfaí aghaidh ar dhúshláin shistéamacha a bhaineann le polaitiú, próisis earcaíochta thrédhearcacha a neartú, agus an féinrialtas áitiúil a athchóiriú chun seirbhísí sóisialta níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh agus chun straitéisí saincheaptha forbartha áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt; ag tathant ar na húdaráis dlús a chur lena n-iarrachtaí agus an reachtaíocht is gá a ghlacadh agus a chur chun feidhme d'fhonn muinín an phobail as an riarachán a fheabhsú agus seirbhís phoiblí athléimneach agus chumasach a chothú ar féidir léi freagairt go héifeachtach do dhúshláin chomhaimseartha agus freastal ar riachtanais an phobail; ag moladh na straitéise riaracháin phoiblí do 2023-2030 agus an phlean gníomhaíochta ghaolmhair do 2023-2026 a glacadh i mí Iúil 2023; á aithint go gcumhdaítear leo na réimsí athchóirithe ábhartha uile agus go leagtar amach iontu bonnlíne, cuspóirí agus spriocanna soiléire, agus ar an gcaoi sin dúshláin bheartais ríthábhachtacha a shainaithint; á chur in iúl gur oth léi, áfach, go bhfuil an ráta cur chun feidhme íseal fós;

21. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh céimeanna chun cuntasacht shistéamach na n-institiúidí poiblí a áirithiú trí chomhairliúcháin fhóinteacha agus phoiblí le geallsealbhóirí, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Athchóirithe, agus aiseolas a sholáthar ó na comhairliúcháin a rinneadh; ag moladh an dlí maidir le nósanna imeachta riaracháin ginearálta lena bhforáiltear do shimpliú, ach á mholadh go láidir go gcuirfí chun feidhme go córasach é ar fud an riaracháin;

22. ag tathant ar údaráis na Macadóine Thuaidh staonadh ó dhífhostú agus ó cheapacháin atá doiléir agus polaitiúil maidir le poist laistigh de chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí neamhspleácha, agus a áirithiú go ndéanfaí na hinstitiúidí a chistiú go leordhóthanach agus go ndéanfaí cinntí agus moltaí a chur chun feidhme go comhsheasmhach; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di,

go bhfuil easpa dul chun cinn leanúnach ann maidir le hoifig an Ombudsman a neartú;

Na meáin agus an tsochaí shibhialta

23. á chur in iúl gur geal léi dul chun cinn seasta na Macadóine Thuaidh maidir le saoirse na meán a áirithiú; á mheabhrú, áfach, go bhfuil gá le hathchóirithe leanúnacha chun tírdhreach neamhspleách agus athléimneach na meán a áirithiú, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear na meáin ar líne agus as líne chun ailíniú go hiomlán leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán[1], lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin leanúnacha maidir le trédhearcacht úinéireacht na meán, nochtadh na meán digiteach agus comhchruinniú na meán; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hathchóiriú ar na meáin lena dtugtar tús áite do bhearta frith-chomhchruinnithe chun sláine iriseoireachta a chosaint; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil géarghá le cur i gcoinne tionchar eachtrach díobhálach i dtimpeallacht na meán, lena n-áirítear bréagaisnéis arna scaipeadh ag gníomhaithe atá nasctha leis an Rúis agus leis an tSín;

24. á iarraidh ar na húdaráis creat dlíthiúil a ghlacadh lena ndéanfar iriseoirí, cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe comhshaoil agus geallsealbhóirí eile a chosaint go héifeachtach ar chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí (SLAPPanna), agus forálacha Threoir an Aontais i gcoinne SLAPPanna a chur chun feidhme[2];

25. ag tathant ar na húdaráis trédhearcacht iomlán agus rochtain gan bhac ar fhaisnéis a áirithiú do shaoránaigh;

26. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndéantar fógraíocht rialtais a athbhunú sna meáin tráchtála sa Mhacadóin Thuaidh; á chur i bhfáth go bhfuil riosca méadaithe ag baint leis an mbeart sin lena n-osclaítear margadh na meán do shuaitheadh agus do thionchar polaitiúil míchuí, lena gcuirtear neamhspleáchas na meán agus iolrachas na meán i mbaol; á iarraidh an athuair go ndéanfaí

---

1 Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R1083).

2 Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (‘Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí’) (IO L, 2024/1069, 16.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024L1069).

athchóiriú cuimsitheach ar na rialacha lena rialaítear maoiniú stáit agus fógraíocht páirtithe polaitiúla sna meáin, ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa trédhearcachta ann, go mbaintear mí-úsáid leanúnach as cistí stáit le haghaidh fógraíocht pholaitiúil, agus go bhfuil riosca leanúnach ann go gcuirfí neamhspleáchas na meán i mbaol trí shásraí doiléire cistiúcháin; á iarraidh go láidir go ndéanfaí na hathchóirithe sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme roimh na toghcháin áitiúla atá beartaithe d'fhómhar 2025;

27. á chur i bhfios go láidir gur gá neamhspleáchas agus acmhainneacht an rialtóra meán, an chraoltóra seirbhíse poiblí agus rialtóir na cumarsáide leictreonaí a neartú;

28. ag spreagadh gníomhaíochta chun feabhas a chur ar neamhspleáchas eagarthóireachta agus airgeadais, ar neamhchlaontacht agus ar ghairmiúlacht craoltóirí seirbhíse poiblí agus rialtóirí meán, agus aird á tabhairt ar an moill leanúnach maidir le príomhchomhlachtaí formhaoirseachta a cheapadh agus ar an ngá atá le hiarrachtaí cuimsitheacha nuachóirithe; á iarraidh go mbeadh rialacha trédhearcachta agus úinéireachta níos déine ann chun tionchar ceilte a nochtadh, lena n-áirítear ábhar meán atá urraithe ón gcoigríoch, agus go mbunófaí sásraí chun líonraí comhordaithe bréagaisnéise eachtraí a shainaithint agus a shuaitheadh;

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil ábhar íoctha agus píosaí tuairimíochta maoinithe ag eintitis taidhleoireachta áirithe de chuid na Síne in eagraíochtaí meán na Macadóine gan lipéadú soiléir; á mheabhrú go bhfuarthas amach in anailís a rinneadh in 2023 gur bhain gníomhaithe atá cleamhnaithe le stát na Rúise úsáid as ionadaithe meán na Seirbia chun insintí atá doicheallach le ECAT a scaipeadh agus chun a mhaíomh go bhfuil brú á chur ag an Aontas ar an Macadóin Thuaidh chun 'a féiniúlacht a thréigean';

30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na bagairtí agus na hionsaithe leanúnacha i gcoinne iriseoirí neamhspleácha agus gairmithe meán, lena n-áirítear ciapadh frithbhanda ar líne atá dírithe ar iriseoirí ban, ag díriú go minic orthu siúd a thuairiscíonn ar an smacht reachta, ar éilliú agus ar cheartas; á chur in iúl gur geal léi gur sannadh ionchúisitheoir tiomnaithe chun faireachán a dhéanamh ar na hionsaithe sin ar iriseoirí agus faireachán a dhéanamh ar bhunú sásraí tuairiscithe cibearbhulaíochta; á iarraidh go ndéanfaí bearta níos láidre chun gairmithe meán a chosaint ar bhagairtí fisiciúla agus neamhfhisiciúla, ar chiapadh agus ar úsáid mhíchuí teanga ag pearsana poiblí;

31. ag spreagadh na Macadóine Thuaidh leanúint de na hiarrachtaí chun an fhuathchaint de gach cineál, agus a dhíríonn ar gach grúpa, a chomhrac, gach cás fuathchainte, coireanna fuatha agus imeaglaithe a chosc go réamhghníomhach agus a imscrúdú go críochnúil, ionsaithe gaolmhara a ionchúiseamh go córasach, d'fhonn ciontuithe

a bhaint amach agus sábháilteacht agus slándáil a n-íospartach beartaithe a áirithiú, amhail iriseoirí, daoine ar de mhionlaigh iad, pobail amhail Bulgáraigh, agus grúpaí leochaileacha eile;

32. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá tagtha ar an bhfuathchaint agus ar bhagairtí méadaitheacha ón mbréagaisnéis sna meáin ar líne, nach bhfuil aon údarás rialála ag an nGníomhaireacht náisiúnta um Sheirbhísí Meán Fuaime agus Closamhairc ina leith; á iarraidh go mbeidh bearta neartaithe ann chun tacú leis an iriseoireacht iniúchach, le hacmhainneachtaí seiceála fíricí agus le litearthacht sna meáin agus chun an creat dlíthiúil agus acmhainneacht idirinstitiúideach a fheabhsú ar mhaithe leis an bhfuathchaint, an bhréagaisnéis agus cur isteach eachtrach a chomhrac; á chur in iúl gur cúis bhuartha di feachtais bhréagaisnéise fhorleathana a chaitheann amhras ar luachanna daonlathacha agus ar sprioc na tíre maidir le ballraíocht san Aontas; á iarraidh, i ndáil leis sin, go dtacódh institiúidí an Aontais leis an tír na héifeachtaí mailíseacha sin a mhaolú; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn seiceáil fíricí sna meáin, litearthacht dhigiteach i scoileanna agus leathadh na fuathchainte a chomhrac, agus ag tabhairt dá haire go bhfuil insintí bréagacha glactha ag beagnach 50 % de shaoránaigh na Macadóine Thuaidh faoi imeachtaí idirnáisiúnta, go háirithe maidir leis an gcogadh san Úcráin, agus béim á leagan ar a phráinní atá sé athléimneacht shochaíoch a threisiú i gcoinne ionramháil faisnéise dhíobhálach;

33. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tsochaí shibhialta ríthábhachtach maidir le daonlathas agus iolrachas a chothú agus maidir le dea-rialachas agus dul chun cinn sóisialta a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi sochaí shibhialta bhríomhar agus chuiditheach na tíre, a bhfuil ról ríthábhachtach agus dearfach aici sa phróiseas athchóirithe, agus á mheabhrú go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun comhairliúchán agus trédhearcacht atá cuimsitheach, tráthúil agus fóinteach a áirithiú, chomh maith le sásraí foirmiúla don chomhar; á chur in iúl gur geal léi, i bhfianaise an mhéid sin, gur cuireadh tús le déanaí leis an bpróiseas chun an Chomhairle um Chomhar leis an Earnáil Sochaí Sibhialta agus um Fhorbairt na hEarnála Sibhialta a athbhunú agus á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann idir an rialtas agus an tsochaí shibhialta, go háirithe maidir leis na himpleachtaí don tsochaí shibhialta a bhaineann le ‘reo’ chistí Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID) le déanaí a mhaolú; ag tabhairt dá haire, cé go bhfeidhmíonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtimpeallacht chumasúcháin fhoriomlán, gur gá creataí dlíthiúla agus airgeadais a chur chun feidhme chun a áirithiú go méadaítear a gcistiú poiblí agus go bhfuil sásraí cistiúcháin phoiblí trédhearcach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na tuairiscí ar mhéadú ar ráitis naimhdeacha i leith na sochaí sibhialta agus ag spreagadh na hAireachta Gnóthaí Baile oibriú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun prótacal slándála a fhorbairt do chosantóirí

chearta an duine chun a gcosaint ar bhagairtí ó ghníomhaithe neamhstáit a áirithiú; á iarraidh go láidir go ndéanfaí ról na sochaí sibhialta a fheabhsú tuilleadh trína áirithiú go leanfaidh sé de bheith san áireamh go fóinteach sa phróiseas cinnteoireachta agus trí dhul i gcomhairle le Coimisiún na Veinéise sula nglacfar reachtaíocht amach anseo a bhaineann le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna);

Cearta bunúsacha

34. ag moladh na Macadóine Thuaidh as formhór na n-ionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a dhaingniú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, an leibhéal cur chun feidhme, an easpa dul chun cinn maidir le comhionannas inscne, an méadú ar ghluaiseachtaí frith-inscne agus an méadú ar a dtionchar, a bhfuil tionchar diúltach acu ar phróisis reachtacha agus ceaptha beartas; ag tathant ar an rialtas Coinbhinsiún Iostanbúl a chur chun feidhme go hiomlán; á iarraidh ar na húdaráis an Dlí nua maidir le Comhionannas Inscne a ghlacadh agus struchtúir fhoirmiúla rialtais a neartú atá ceaptha comhionannas inscne a chur chun cinn agus stádas agus cearta na mban ar gach leibhéal a fheabhsú, chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach na straitéise comhionannais inscne agus an phlean gníomhaíochta náisiúnta a áirithiú, go háirithe trí chistiú leormhaith a áirithiú, trí chomhordú idirinstitiúideach a fheabhsú agus trí bheartais náisiúnta a ailíniú le *acquis* an Aontais;

35. ag tathant ar na húdaráis a áirithiú go ndéanfar an creat dlíthiúil atá ann cheana chun íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe agus an fhoréigin teaghlaigh a chosaint a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, trí acmhainní buiséadacha leordhóthanacha a leithdháileadh le haghaidh coisc, agus trí fheabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí tacaíochta, ar shásraí cosanta agus ar fhorfheidhmiú chearta sóisialta agus eacnamaíocha marthanóirí atá ráthaithe go dlíthiúil; ag tabhairt dá haire, i bhfianaise an mhéid sin, gur glacadh an Dlí maidir le Cúiteamh Airgeadaíochta a Íoc le hÍospartaigh na gCoireanna Foréigneacha in 2023, lena gcomhtháthaítear caighdeáin Choinbhinsiún Iostanbúl chun cosaint níos fearr a thabhairt d’íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe; ag tathant ar na húdaráis, thairis sin, a n-iarrachtaí a neartú chun foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a laghdú agus a mhaolú, agus chun acmhainneacht agus pearsanra tearmann a mhéadú, chomh maith le líon na n-oifigeach forfheidhmithe dlí, na mbreithiúna, an phearsanra leighis agus na n-oibrithe sóisialta atá dea-oilte agus íogair ó thaobh inscne de;

36. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil staid uafásach os comhair na mban óg sa phríosún, lena n-áirítear cailíní óga idir 14 agus 16 bliana d’aois, nach bhfuil oiliúint oideachais agus scileanna poist acu agus a ndéantar róleigheas orthu go minic, agus nach bhfuil cúram sláinte leordhóthanach acu; ag tathant ar údaráis

na Macadóine Thuaidh bearta práinneacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar dhálaí coinneála na bpríosúnach uile, chun éilliú a laghdú agus chun deireadh a chur le híde mhídhaonna, agus chun promhadh agus ath-imeascadh iarphríosúnach sa tsochaí a fheabhsú;

37. ag tathant ar an Macadóin Thuaidh na moltaí a leagtar amach i dtuarascáil 2023 ó CECÉ maidir leis an Macadóin Thuaidh a chur chun feidhme go hiomlán chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na sáruithe ar chearta an duine a sainaithníodh;

38. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an caidreamh idir-eitneach fós cobhsaí agus go bhfuil Creat-Chomhaontú Ohrid fós á chur chun feidhme; ag moladh iarrachtaí na Macadóine Thuaidh cosaintí ar chearta mionlach a neartú, agus tuilleadh tacaíocht airgeadais á spreagadh; á iarraidh go mbeidh cistiú agus foireann leormhaith ann d'institiúidí a chosnaíonn cearta pobal neamh-thromlaigh; á iarraidh ar ionadaithe polaitiúla na bpobal mionlaigh gan insintí eitneacha scoilteacha a chur chun cinn a bheadh ar aon dul le beartais a bhí ina gcúis le fulaingt mhór agus cogaí móra sa réigiún le fíordhéanaí; ag tathant ar an Macadóin Thuaidh moltaí an Choiste Chomhairligh maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún chun Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint a chur chun feidhme go hiomlán a mhéid a bhaineann leis an straitéis 'Sochaí aonair do chách agus an t-idirchultúrachas'; á iarraidh ar an Macadóin Thuaidh cistiú agus foireann leordhóthanach a chur ar fáil don Ghníomhaireacht um Chur Chun Feidhme Teanga agus don Ghníomhaireacht um Chearta an Chomhphobail a Fhíorú; á chur in iúl gur oth léi nár dhaingnigh an Mhacadóin Thuaidh an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh; ag fanacht le cinneadh críochnaitheach maidir leis an Dlí atá faoi chonspóid maidir le hÚsáid Teangacha, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an gcaidreamh idir-eitneach;

39. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag an tír maidir lena creat reachtach agus institiúideach maidir le cearta an linbh a ailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; ag tabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an straitéis um dhí-institiúidiú a chur chun feidhme agus á chur in iúl gur geal léi athlonnú rathúil leanaí ó institiúidí chun cúram altramais nó teaghlaigh de ghrúpaí beaga a chothú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, áfach, go leanann cásanna d'fhoréigean agus d'idirdhealú leanaí de bheith ann, lena n-áirítear i gcoinne leanaí Romaigh; á iarraidh ar an tír, dá bhrí sin, comhlacht náisiúnta a chur ar bun a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar na beartais uile a bhaineann le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus ar na prótacail roghnacha a ghabhann leis;

40. ag spreagadh na Macadóine Thuaidh céimeanna fóinteacha a ghlacadh chun mionlaigh agus pobail náisiúnta a aithint agus a ionchorprú ina bunreacht, cuimsitheacht a chothú, an éagsúlacht a

chosaint, an t-idirdhealú a chomhrac agus an comhtháthú sóisialta a neartú i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus prionsabail dhaonlathacha; á iarraidh ar an Macadóin Thuaidh cearta agus deiseanna comhionanna a ráthú go hiomlán do gach pobal eitneach sa tír;

41. ag tabhairt dá haire go bhfuil bacainní suntasacha fós roimh dhaoine faoi mhíchumas toisc nach bhfuil reachtaíocht na tíre ailínithe fós le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas; á chur in iúl gur geal léi an straitéis náisiúnta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas do 2023-2030 agus á iarraidh go láidir go gcuirfí chun feidhme go cuí í, lena n-áirítear maidir le líon leordhóthanach cúntóirí oideachais a áirithiú, chun leanaí faoi mhíchumas a áireamh go héifeachtach agus go rianúil sa phróiseas oideachais;

42. á chur in iúl gur geal léi an chéad rialú cúirte maidir leis an bhfuathchaint i gcoinne an phobail LADTIA+, ach á iarraidh go láidir go ndéanfaí gach cás fuathchainte, coireanna fuatha agus imeaglaithe a ionchúiseamh go córasach, chomh maith leis an bhfuathchaint a áireamh sa Chód Coiriúil agus go mbeadh na hinstitiúidí stáit freagrach as staidreamh leormhaith a choinneáil maidir le cásanna fuathchainte agus coireanna fuatha;

43. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, an fhuathchaint forleathan ar na meáin shóisialta, go háirithe dírithe ar na Romaigh, daoine LADTIA+ agus grúpaí imeallaithe eile; ag tathant ar na gníomhaithe polaitiúla uile an Dlí maidir le Clárlann Shibhialta a leasú agus aitheantas dlíthiúil inscne atá tapa agus gan bhac a áirithiú ar bhonn an fhéinchinntiúcháin, seasamh le cearta an duine, dínit a áirithiú, agus próiseas dlíthiúil soiléir agus inrochtana a bhunú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta; á mholadh go gcothabhálfaí leis an Dlí nua maidir leis an mBunoideachas cosaint shainráite ar idirdhealú bunaithe ar inscne, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne, lena n-áiritheofar ailíniú le gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta; ag spreagadh Thionól na Macadóine Thuaidh grúpa gníomhach idirpharlaiminteach LADTIA+ a bhunú nó a athbhunú go pras chun tacú le cearta LADTIA+ agus chun iad a chur chun cinn;

44. ag iarraidh ar an Macadóin Thuaidh bainistiú imirce a neartú, ailíniú le *acquis* an Aontais a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha maidir leis an imirce rialta agus neamhrialta a láimhseáil agus cearta bunúsacha an duine á seasamh ag an am céanna; á chur in iúl gur geal léi an comhar feabhsaithe maidir le bainistiú na dteorainneacha agus neartú acmhainneacht na tíre chun sreafaí imirce a bhainistiú agus smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine agus coireacht eagraithe eile a chomhrac; ag spreagadh forbairt leanúnach nósanna imeachta tearmainn agus beartais chomhtháthaithe agus feabhas a chur ar dhálaí fáiltithe, i gcomhréir

le creataí imirce AE; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach i mbainistiú imirce agus ag áitiú ar an Aontas tuilleadh tacaíochta a sholáthar i dtéarmaí acmhainní, cúnaimh theicniúil agus fothú acmhainneachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce go héifeachtach;

45. ag iarraidh ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur lena hiarrachtaí sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, go háirithe tríd an gCód Coiriúil a ailíniú tuilleadh le *acquis* an Aontais agus a reachtaíocht maidir le drugaí;

An smacht reachta

46. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil cuntas teiste na tíre maidir leis an éilliú a chomhrac imithe in olcas, mar is léir freisin ón laghdú atá tagtha air in Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú Transparency International, go háirithe mar gheall ar leasuithe ar an gCód Coiriúil a lagaigh an creat dlíthiúil, rud a d'fhág gur cuireadh deireadh le go leor cásanna leanúnacha; á athdhearbhú go leagann an meath seo béim ar an ngá práinneach atá le hathchóirithe cuimsitheacha; á iarraidh go láidir go neartófaí an creat frith-éillithe agus go n-áiritheofar cuntasacht éifeachtach, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil, trí imscrúdú, ionchúiseamh agus ciontuithe cuí; á thathaint go ndéanfaí athbhreithniú ar leasuithe le déanaí ar an gCód Coiriúil i ndáil le caighdeáin phianbhreithe agus reacht na dtréimhsí, chun a áirithiú nach ndéantar difear diúltach d'ionchúiseamh éillithe, go háirithe cásanna casta agus ardleibhéil;

47. á mheabhrú go bhfuil gá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna chun díspreagadh, cosc, brath, imscrúdú réamhghníomhach agus sásraí smachtbhannaí éifeachtacha agus comhsheasmhacha i gcoinne sealbhóirí oifige poiblí a áirithiú trí bhearta lena gcumhdaítear coinbhleachtaí leasa, brústocaireacht, cóid eitice agus cosaint do sceithirí;

48. á thabhairt dá haire go bhfuil an leibhéal muiníne a mheastar a bheith sa bhreithiúnacht fós an-íseal agus go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun tionchar agus imeaglú míchuí a chosc; ag cur i bhfios go láidir an easpa dul chun cinn i gcur chun feidhme straitéisí 2020 maidir le bainistiú acmhainní daonna sna cúirteanna agus in oifig an ionchúisitheora phoiblí; á iarraidh go láidir go dtabharfaí aghaidh ar an nganntanas criticiúil breithiúna agus ionchúisitheoirí, a mbíonn tionchar aige ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht an cheartais; á iarraidh go neartófar neamhspleáchas agus trédhearcacht chomhlachtaí breithiúnacha agus go leithdháilfear na cistí is gá chun go bhfeidhmeoidh siad go héifeachtach;

49. á iarraidh go neartófar an Chomhairle Bhreithiúnach agus Comhairle na nIonchúisitheoirí agus go leithdháilfear na cistí riachtanacha,

agus a neamhspleáchas á áirithiú ag an am céanna; ag tathant go láidir ar ghníomhaithe polaitiúla scor de chur isteach ar institiúidí breithiúnacha;

50. á thabhairt dá haire, agus is cúis imní di, go bhfuil easpa dul chun cinn ann maidir leis an éilliú a chosc agus a chomhrac agus go bhfuil fadhbanna fós ag baint le himscrúduithe airgeadais; ag cur i bhfios go láidir an chaoi a leanann an t-éilliú de bheith ag cur isteach go mór ar réimsí beartais ríthábhachtacha; á iarraidh go neartófaí acmhainneacht oibríochtúil agus comhar na ngníomhaireachtaí atá freagrach as an gcoireacht eagraithe agus as an gcoireacht airgeadais a chomhrac, lena n-áirítear trí na hacmhainní airgeadais riachtanacha a áirithiú; ag spreagadh na tíre chun a comhrac i gcoinne coireachta eagraithe agus eacnamaíoch agus cibearchoireachta a fheabhsú trí chomhpháirtíocht neartaithe le Europol, Ionad Cibearchoireachta na hEorpa agus Eurojust; ag iarraidh ar an Macadóin Thuaidh a hiarrachtaí chun sciúradh airgid a chomhrac a fheabhsú;

51. á iarraidh go gcuirfí na bearta riachtanacha uile i bhfeidhm chun dul i ngleic go héifeachtach le coireacht eagraithe; ag tathant ar na húdaráis comhordú a fheabhsú tríd an Ionad Comhordaithe Náisiúnta um an gComhrac i gcoinne na Coireachta Eagraithe chomh maith leis na cistí agus an fhoireann riachtanach a leithdháileadh ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Bhunúsaigh um Choireacht Eagraithe agus Éilliú; ag cur i bhfios go láidir an gá atá le haird agus acmhainní ar leith a dhíriú ar scéimeanna sciúradh airgid a nochtadh;

52. ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, ailíniú páirteach na Macadóine Thuaidh le *acquis* an Aontais sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe; á athdhearbhú a hiarraidh go ndéanfaí ailíniú breise le *acquis* an Aontais agus go ndéanfaí imscrúduithe airgeadais córasacha, ag méadú reo, coigistiú, bainistiú agus diúscairt sócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach;

53. á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú críochnúil agus trédhearcach ar an tine i gclub oíche in Kočani an 16 Márta 2025, chun na daoine atá freagrach a thabhairt faoi réim an cheartais, agus freisin go ndéanfar an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme go críochnúil chun tragóidí comhchosúla a chosc agus chun sábháilteacht phoiblí agus comhlíonadh rialála níos fearr a áirithiú chun saoránaigh a chosaint;

54. á iarraidh go gcuirfear na hathchóirithe atá ar siúl sna hearnálacha slándála agus faisnéise chun feidhme go pras, agus go neartófar neamhspleáchas na gcomhlachtaí slándála agus faisnéise trí chreataí rialála iomchuí a bhunú, agus sásraí maoirseachta daonlathacha á bhfeabhsú ag an am céanna; á thabhairt dá haire, agus is cúis imní di, go bhfuil an Ghníomhaireacht Slándála Náisiúnta fós lonnaithe ar

áitreabh na hAireachta Gnóthaí Baile, rud a chaitheann amhras ar a stádas mar chomhlacht neamhspleách riaracháin stáit;

55. ag moladh diongbháilteacht láidir na Macadóine Thuaidh chun dul i ngleic le bagairtí hibrideacha; á chur in iúl gur geal léi tionscnamh an rialtais creat straitéiseach náisiúnta a chruthú chun dul i ngleic le bréagaisnéis chomh maith le glacadh na straitéise náisiúnta cibearshlándála 2025-2028; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun athléimneacht a chothú i gcoinne trasnaíocht eachtrach agus ionramháil ar fhaisnéis; á chur i bhfios go láidir gur gá obair a dhéanamh ar straitéis náisiúnta chun athléimneacht a thógáil i gcoinne na bréagaisnéise mar bhagairt slándála don stát, lena n-áirítear trí bhearta cibearshlándála feabhsaithe agus cumarsáid straitéiseach chomh maith le hoideachas agus litearthacht sna meáin; á iarraidh go ndéanfar sásraí AE, amhail an córas mear-rabhaidh, a oibríochtú go hiomlán chun tionchar mailíseach eachtrach a bhrath i bhfíor-am le linn príomhphróisis dhaonlathacha, lena n-áirítear toghcháin;

56. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil an Mhacadóin Thuaidh agus tíortha aontachais an Aontais eile sna Balcáin Thiar buailte go dona mar gheall ar thrasnaíocht eachtrach agus feachtais bhréagaisnéise, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, éilliú straitéiseach, sreafaí airgeadais teimhneacha agus cleachtais infheistíochta éigeantacha, a thagann go háirithe ón Rúis agus ón tSín; á chur in iúl gur cúis mhór imní di róil Rialtas na hUngáire agus Rialtas na Seirbia i gcur chun cinn cuspóirí geopolaitiúla na Síne agus na Rúise; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs seo, an baol go mbeifí ag brath ar an tSín de bharr comhaontuithe iasachta neamhshiméadracha, chomh maith leis an iasacht le déanaí ón mbanc Ungáireach Eximbank, ar cosúil gur foinsíodh í ón tSín;

Athchóirithe socheacnamaíocha

57. á mholadh go leanfadh an Mhacadóin Thuaidh de chéimeanna a shaothrú chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar an mbonneagar gnó, chun an t-oideachas agus an bonneagar digiteach a neartú, agus córais chosanta sóisialta agus a nasc le tionscnaimh fostaíochta a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi cuimsiú na n-athchóirithe a bhaineann le caipiteal daonna a áireamh i gClár Oibre Athchóirithe an Phlean Fáis agus ag iarraidh ar an Macadóin Thuaidh iarracht leordhóthanach a dhéanamh chun na hathchóirithe seo a chur chun feidhme chun torthaí inbhuanaithe a bhaint amach i bhforbairt caipitil dhaonna do leanaí agus do dhaoine óga, mar bhunús do shochaithe athléimneacha agus d’fhás inbhuanaithe;

58. á chur in iúl gur geal léi glacadh an Chláir Oibre um Athchóiriú agus an chláir oibre ilbhliantúil faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis don Mhacadóin Thuaidh, a chuirfidh tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, a laghdóidh an rómhaorlathas agus a

dhigiteoidh an córas poiblí, agus á chur in iúl gur geal léi na céimeanna dá bhforáiltear sa Chlár Oibre um Athchóiriú maidir le rolladh amach an bhonneagair dhigitigh agus an Dlí nua maidir le Cumarsáid Leictreonach, ag ailíniú na reachtaíochta náisiúnta le *acquis* ábhartha an Aontais agus ag coinneáil suas leis an aistriú digiteach ar fud an domhain;

59. ag moladh straitéisí gníomhachtaithe mhargadh an tsaothair do dhaoine óga, do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus do dhaoine ar bheagán scileanna, chomh maith le mná, daoine faoi mhíchumas agus Romaigh, agus á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht cheart ar na bearta seo; ag tabhairt dá haire an feabhas fadtéarmach ar rátaí dífhostaíochta, ach á thabhairt dá haire, áfach, nach mór ardú ar fhíorphá, feabhas ar dhálaí oibre agus cosaint chearta na n-oibrithe, lena n-áirítear cearta ceardchumainn, a bheith ag gabháil leis seo; á iarraidh go gcuirfear an Dlí maidir le Réiteach Síochánta Díospóidí Saothair chun feidhme go hiomlán;

60. ag spreagadh na Macadóine Thuaidh chun a claochlú digiteach a chur chun cinn, go háirithe trí scileanna digiteacha gach saoránach a fheabhsú agus trí rochtain ar líne ar sheirbhísí poiblí a sholáthar; ag aithint na ndúshlán déimeagrafach atá roimh na Macadóine Thuaidh, lena n-áirítear laghdú daonra, imirce gairmithe óga, agus lucht saothair atá ag dul in aois, agus ag cur i bhfios go láidir an gá atá le haghaidh a thabhairt ar imirce daoine oilte, go háirithe i réimsí an leighis, na teicneolaíochta agus an oideachais; á iarraidh go gcuirfí beartais spriocdhírithe chun feidhme chun imirce daoine oilte a aisiompú, beartais shóisialta atá oiriúnach do theaghlaigh a fheabhsú agus aisimirce a mhealladh; ag spreagadh comhar leis an Aontas maidir le straitéisí athléimneachta déimeagrafacha, lena n-áirítear dreasachtaí sa mhargadh saothair, tacaíocht tithíochta do theaghlaigh óga, agus infheistíocht in oideachas agus i bhforbairt scileanna chun ailíniú le riachtanais an mhargaidh fostaíochta amach anseo; á iarraidh go gcuirfí tacaíocht mhéadaithe ar fáil don nuálaíocht agus don iomaíochas;

61. á chur in iúl gur geal léi na héifeachtaí dearfacha atá ag an Ráthaíocht don Aos Óg maidir le laghdú ar dhífhostaíocht i measc na hóige; ag iarraidh ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur lena hiarrachtaí chun an ráta dífhostaíochta i measc daoine óga idir 15 agus 24 bliana d’aois a laghdú, atá fós ard ag 29,3 %; ag cur i bhfios go láidir an gá atá le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta, beartais fostaíochta ardchaighdeáin a áirithiú, comhtháthú sóisialta aníos agus cóineasú i dtreo chaighdeáin an Aontais a chothú agus tacú le dul chun cinn maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

62. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí chun an dlí saothair a leasú; á thathant go ndéanfaí an Dlí maidir le Caidreamh Oibre a ailíniú go hiomlán le treoracha AE chun an ceart chun pá comhionann as obair

chomhionann a ráthú go héifeachtach, trédhearcacht pá a áirithiú agus cosaint i gcoinne idirdhealaithe bunaithe ar thoircheas agus máithreachas a fheabhsú; á áitiú gur gá inniúlachtaí agus acmhainneachtaí Chigireacht Saothair an Stáit a neartú chun cosaint éifeachtach chearta na n-oibrithe a áirithiú, lena n-áirítear coimircí i gcoinne idirdhealú saothair;

63. ag moladh na Macadóine Thuaidh as dul isteach sa limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA), ag aithint gur céim thábhachtach í seo i dtreo comhtháthú airgeadais níos doimhne leis an margadh Eorpach agus idirbhearta trasteorann níos tapúla agus níos éifeachtúla a éascú; ag tathant ar an Macadóin Thuaidh athchóirithe struchtúracha a thabhairt isteach chun an geilleagar a neartú agus inbhuanaitheacht fiachais na tíre a dhaingniú;

64. á chur in iúl gur geal léi na hiarrataí go ndéanfaí na Balcáin Thiar ar fad a chomhtháthú go pras i Margadh Aonair Digiteach AE a luaithe is féidir, rud a rachadh chun tairbhe, thar aon ní eile, do thimpeallacht dhigiteach shábháilte, a chruthú;

65. ag tathant ar na húdaráis forálacha dlíthiúla atá ann cheana a chur chun feidhme go hiomlán chun rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte príomhúil a áirithiú, agus béim ar leith ar shláinte ghnéasach agus atáirgthe do mhná, do mháithreacha agus do leanaí, agus bacainní a bhaineann le tíreolaíocht, cúrsaí airgeadais nó deacrachtaí eile a dhíchur; á iarraidh go mbeadh bearta spriocdhírithe ann chun tacú le grúpaí leochaileacha ban maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte, lena n-áirítear mná Romacha, mná tuaithe agus iad siúd atá ina gcónaí i ngreim na bochtaineachta;

66. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na Straitéise um Chuimsiú na Romach 2022-2030; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach bhfuil cur chuige soiléir sa straitéis maidir le rannpháirtíocht, cumhachtú agus fothú acmhainneachta; ag iarraidh ar na húdaráis na pleananna gníomhaíochta faoi seach a chur chun feidhme, agus faireachán cuí agus rannpháirtíocht bhríoch agus thrédhearcach eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe ó phobal na Romach, á áirithiú;

An comhshaol, bithéagsúlacht, fuinneamh agus iompar

67. á chur in iúl gur geal léi ghlacadh an Dlí Fuinnimh in 2025 agus ag leagan béim ar a thábhacht chun soláthar fuinnimh sábháilte, slán agus ardchaighdeáin a ráthú chomh maith le hearnáil fuinnimh éifeachtúil, iomaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a chruthú; ag spreagadh na n-údarás leanúint ar aghaidh ar an gconair uaillmhianach seo agus á mheabhrú go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun na spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inathnuaite, slándáil an tsoláthair agus laghduithe ar astaíochtaí a chomhlíonadh; ag tathant ar údaráis na tíre a reachtaíocht maidir

leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide a ailíniú le *acquis* an Aontais agus forfheidhmiú na reachtaíochta sin a áirithiú; ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di, an easpa dul chun cinn maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide agus glacadh reachtaíochta ríthábhachtach atá ar feitheamh; ag cur i bhfáth an gá atá le comhionannas inscne agus cuimsiú sóisialta a chomhtháthú i bpleanáil gníomhaíochta aeráide ionas go rachfar i gcomhairle go gníomhach le mná, le teaghlaigh ísealioncaim agus le pobail imeallaithe agus go mbainfidh siad leas cothrom as an aistriú;

68. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht airgeadais agus theicniúil leanúnach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta sa Mhacadóin Thuaidh, lena n-áirítear tionscadail bhonneagair straitéisigh amhail na Conairí Iarnróid VIII agus X, gléasra cóireála fuíolluisce Scóipé, agus forbairt bonneagair uisce bardasach; á iarraidh go mbeadh aistriú cuimsitheach agus cóir ann a chosnaíonn na daoine atá leochaileach go sóisialta, trí mhaoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh don aistriú glas, sásraí cistiúcháin tiomnaithe a oibríochtú go hiomlán agus tacaíocht AE agus idirnáisiúnta a ghiaráil; ag cur i bhfáth an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le heaspa foirne speisialaithe agus acmhainneacht institiúideach agus riaracháin lag, rud a bhaineann an bonn de rialú cáilíochta agus d’fheidhmíocht leormhaith measúnuithe tionchair chomhshaoil;

69. á thabhairt dá haire, agus is cúis imní di, go bhfuil cáilíocht an aeir agus an uisce agus bainistiú dramhaíola fós thar a bheith dúshlánach don tír; ag tathant ar an rialtas láir agus ar na húdaráis áitiúla dlús a chur lena n-iarrachtaí ar fheabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus ar thruailliú a d’fhéadfadh a bheith marfach a laghdú; á mheabhrú gur ábhar mór buartha é an staid in Skopje, a bhí ar cheann de na cathracha is truaillithe san Eoraip go seasta;

70. ag aithint acmhainneacht mhór na Macadóine Thuaidh mar mhol réigiúnach i dtaca le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite; ag tathant ar an Macadóin Thuaidh a measúnú tionchair chomhshaoil a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar reachtaíocht thánaisteach maidir le tionscadail bheaga hidrileictreacha;

71. á chur i bhfáth a phráinní atá sé tús áite a thabhairt do chosaint an chomhshaoil; ag tathant go láidir ar na húdaráis an reachtaíocht is gá a ghlacadh agus bearta a mhéadú maidir le bithéagsúlacht, uisce, aer agus gníomhú ar son na haeráide, agus bainistiú dramhaíola réigiúnach, lena n-áirítear trí mheasúnuithe tionchair chuimsitheacha, ionchúiseamh dian i gcás coireachta comhshaoil agus comhairliúchán poiblí cuí a cheadaíonn rannpháirtíocht bhríoch agus thrédhearcach phobail áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus institiúidí eolaíochta;

72. ag iarraidh ar an Macadóin Thuaidh cosaintí dlíthiúla a bhunú do Láithreáin Smaragaide atá ainmnithe faoin gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn) chun iad a chosaint ar thionscadail atá díobhálach don chomhshaol; ag spreagadh na tíre chun a limistéir faoi chosaint a leathnú, d'fhonn spriocanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chomhlíonadh; á athdhearbhú a phráinní atá sé an dlí maidir le forógra a dhéanamh an athuair ar Pháirc Náisiúnta Mavrovo a ghlacadh chun a áirithiú go leanfar lena hiarrachtaí riachtanacha caomhnaithe agus go dtabharfar i gcrích iad; ag spreagadh na Macadóine Thuaidh Jablanica a áireamh ar a liosta de limistéir faoi chosaint, rud a áiritheoidh go gcaomhnófar gnáthóga atá ríthábhachtach do mharthanas speiceas;

73. ag spreagadh d'údaráis na Macadóine Thuaidh straitéisí cosanta agus bainistithe níos déine a chur chun feidhme maidir le gnáthóga speiceas atá i mbaol, chomh maith leis na speicis féin, go háirithe lincse na mBalcán, lena n-áirítear forfheidhmiú dian dlíthe i gcoinne coireanna fiadhúlra, go háirithe marú agus póitseáil neamhdhleathach, chun bithéagsúlacht a chosaint;

74. á chur in iúl gur geal léi comhar leanúnach na Macadóine Thuaidh leis an gCosaiv agus leis an Albáin maidir le Páirc Náisiúnta trasteorann Shléibhte Sharr; ag spreagadh na Macadóine Thuaidh iarrachtaí comhoibríocha lena tíortha comharsanachta a threisiú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí sin chun limistéir trasteorann faoi chosaint a ainmniú agus pleananna bainistithe trasteorann comhleanúnacha a bhunú;

75. ag cur i bhfáth an gá atá le dul i ngleic le dúshláin airgeadais atá roimh pháirceanna náisiúnta chun gnéithe éagsúla a fheabhsú, lena n-áirítear acmhainní daonna agus bainistiú foriomlán, d'fhonn a ról i gcaomhnú na bithéagsúlachta a neartú, deiseanna áineasa a sholáthar agus tacú le geilleagair áitiúla;

76. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta i dtógáil Chonairí VIII agus X den Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) agus ag moladh tabhairt i gcrích luasbhealach Kriva Palanka–Dlabochica–Stracin; ag tathant, áfach, ar údaráis na Macadóine Thuaidh dlús a chur lena gcuid iarrachtaí chun tús áite a thabhairt d'iompar inbhuanaithe agus obair bhonneagair fuinnimh a uasghrádú i dtreo comhtháthú i líonraí Eorpacha agus nascacht réigiúnach chomh maith le haghaidh a thabhairt ar mhoilleanna leanúnacha i bhforbairt bonneagair ríthábhachtach, lena n-áirítear trí chaibidlíocht dhéthaobhach; ag iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt sna hiarrachtaí seo nuair is gá;

77. á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí breise chun dlús a chur leis an dul chun cinn ar gach stráice tosaíochta den chroíghréasán d'iarnród agus de bhóthar araon, lena n-áirítear trí líon na dtrasnuithe teorann

a mhéadú nuair is féidir; ag tabhairt dá haire an tábhacht straitéiseach a bhaineann le Conair VIII maidir le neamhspleáchas geostraitéiseach AE agus ECAT, agus é ag feidhmiú mar bhealach lóistíochta ríthábhachtach feadh thaobh theas ECAT;

Comhar réigiúnach agus an beartas eachtrach

78. á chur in iúl gur geal léi rannchuidithe luachmhara agus suntasacha na Macadóine Thuaidh maidir le comhar agus cobhsaíocht réigiúnach trína rannpháirtíocht i dtionscnaimh eacnamaíocha agus taidhleoireachta réigiúnacha amhail Próiseas Bheirlín, an Plean Fáis do na Balcáin Thiar, agus cur chun feidhme comhaontuithe margaidh réigiúnacha coiteanna, rud a chuireann i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann lena gcuimsitheacht;

79. á chur in iúl gur geal léi tiomantas na tíre dea-chaidreamh comharsanachta a chothú agus a ról mar shamhail chun díospóidí déthaobhacha a réiteach go síochánta trí idirphlé agus trí chomhthuiscint; á chur béim ar an bhfíoras, ina leith sin, gur cheart do gach taobh comhaontuithe déthaobhacha a chur chun feidhme le torthaí nithiúla de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le cairdeas, dea-chomharsanacht agus comhar leis an mBulgáir; á iarraidh go mbeidh tiomantas comhsheasmhach ann don idirphlé agus don chomhar le tíortha comharsanachta chun cobhsaíocht réigiúnach a threisiú agus muinín fhrithpháirteach a chothú; á iarraidh go gcuirfí teagmhálacha idir daoine chun cinn tuilleadh ar fud oirdheisceart na hEorpa;

80. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionscadal ar a dtugtar ‘An domhan Seirbeach’ agus go bhfuil roinnt ionadaithe de chuid Rialtas na Macadóine Thuaidh ag moladh agus ag cur chun cinn an choincheapa seo; ag cáineadh rannpháirtíocht i gcruinnithe a dhéanann iarracht réimse tionchair a bhunú a bhaineann an bonn de cheannasacht tíortha eile agus de chobhsaíocht an réigiúin;

81. ag meabhrú an gá atá le cartlanna sheirbhís rúnda na hÚgslaive (UDBA agus KOS), atá á gcoimeád sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSeirbia araon, a oscailt; á chur béim ar an bhfíoras gur gá na cartlanna sin a oscailt ar fud an réigiúin chun déileáil leis an stair ollsmachtach ar bhealach trédhearcach agus chun an daonlathas, an chuntasacht agus institiúidí sna Balcáin Thiar a neartú;

82. á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas leanúnach na Macadóine Thuaidh don tslándáil Eora-Atlantach; ag moladh ról gníomhach na Macadóine Thuaidh in ESCE, go háirithe a cathaoirleacht ar ESCE in 2023 i dtimpeallacht gheopholaitiúil chasta, agus a rannchuidithe suntasacha le misin bainistithe géarchéime agus oibríochtaí míleata an Aontais; ag moladh ailíniú na tíre le beartas eachtrach, slándála agus cosanta an Aontais, lena n-áirítear a freagairt shoiléir ar chogadh foghach na Rúise san Úcráin trí ailíniú le bearta sriantacha

an Aontais i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise agus tacaíocht a thabhairt don Úcráin; á chur in iúl gur geal léi gur síníodh comhpháirtíocht slándála agus chosanta leis an Aontas in 2024;

83. á chur in iúl gur oth léi, áfach, gurbh í an Mhacadóin Thuaidh an t-aon tír sna Balcáin Thiar a staon ón rún Eorpach maidir leis an Úcráin i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Feabhra 2025 agus, ina ionad sin, gur chomhurraigh sí rún na Stát Aontaithe, in éineacht le tíortha amhail an tSeoirsia agus an Ungáir, rud a léiríonn comhartha diúltach maidir le hailíniú na Macadóine Thuaidh le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais agus leis an tiomantas comhchoiteann Eorpach chun an tsíocháin, an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail dhaonlathacha a sheasamh;

84. á aithint gur rannchuidiú suntasach geostraitéiseach é ballraíocht ECAT na Macadóine Thuaidh le slándáil réigiúnach agus le cobhsaíocht Eora-Atlantach, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ghníomhach na tíre i misin agus in oibríochtaí ECAT agus a ról straitéiseach maidir leis an tsíocháin agus an comhar a chothú sna Balcáin Thiar, chomh maith le nuachóiriú leanúnach a fórsaí armtha agus athchóirithe i réimsí na bainistithe géarchéime, an bhonneagair chriticiúil agus na cibearchosanta; á thabhairt chun suntais go neartaíonn ballraíocht ECAT cumais chosanta na Macadóine Thuaidh, go bhfeabhsaíonn sí comhordú slándála le comhghuaillithe AE agus ECAT, agus go bhfeidhmíonn sí mar dhíspreagadh i gcoinne iarrachtaí díchobhsaíochta seachtracha; ag spreagadh na Macadóine Thuaidh chun comhar a dhoimhniú leis an Aontas agus le ECAT maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear trí chomhordú cibearshlándála, rianú comhpháirteach ar bhréagaisnéis agus athléimneacht a thógáil, agus chun leanúint dá hiarrachtaí chun iarrachtaí díchobhsaíochta seachtracha a dhíspreagadh; ag spreagadh na Macadóine Thuaidh chun leanúint dá hinfheistíocht i nuachóiriú na cosanta agus í a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha ECAT chun a ról mar chomhpháirtí slándála iontaofa a dhaingniú tuilleadh;

85. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú a tugadh i gcrích ag Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i dTiorána maidir le costais fánaíochta laghdaithe; ag iarraidh, ina leith sin, ar na húdaráis, ar na gníomhaithe príobháideacha agus ar na geallsealbhóirí uile éascú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna a comhaontaíodh chun laghdú suntasach ar mhuirir fánaíochta ar shonraí a bhaint amach idir na Balcáin Thiar agus an tAontas agus laghduithe breise as a dtiocfaidh praghsanna gar do na praghsanna baile faoi 2027; á chur in iúl gur geal léi teacht i bhfeidhm na chéad chéime de chur chun feidhme an treochláir fánaíochta idir na Balcáin Thiar agus AE;

°

° °

86. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Tionól Phoblacht na Macadóine Thuaidh.